



Leagan Gaeilge

**Comhairle Chontae na Gaillimhe
Scéimeanna Tacaíochta Pobail 2017
Treoirlínte d'Iarratasóirí**

**Galway County Council
Community Support Schemes 2017
Guidelines for Applicants**

Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith

This form is also available in large print

Tá leagan Béarla den fhoirm seo ar fáil ach í a iarraidh

Tá míle fáilte an fhoirm seo a líonadh i mBéarla

Réamhrá

Mar chuid dár dtiomantas tacú le forbairt pobail áitiúil agus eacnamaíoch, uilechuimsitheacht shóisialta agus pobail aoisbháúla, sheol Comhairle Contae na Gaillimhe a cuid Scéimeanna Tacaíochta Pobail do 2017. Tá an maoiniú seo ar fáil le tacú le grúpaí pobail agus le grúpaí deonacha ar mhaith leo tabhairt faoi thionscnaimh phobail de chineál cruthú post, oidhreacht nó taitneamhachta ina gceantar féin. Lena chois sin, bronnadh Ainmniúchán Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa ar Ghailimh, Iarthar na hÉireann, do 2018 le deireanas agus cuirimid fáilte roimh iarratais ar thionscadail a thacaíonn leis an ainmniúchán seo. Tabharfar marcanna breise do thionscadail a thagann leis an Leabhar Iarratais (ar fáil ar www.galwaygastronomy.ie) agus a shásaíonn na Cuspóirí agus/nó na Príomhréimsí Fócais, go háirithe más féidir cur leo agus más féidir iad a bheith ina gcuid de Chlár Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018, do Ghailimh, Iarthar na hÉireann. Tá acmhainní teoranta ar fáil faoi na scéimeanna sin in 2017, agus dá bhrí sin beidh formhór na ndámhachtainí airgeadais ar scála beag.

Céard é cuspóir na Scéimeanna Tacaíochta?

Is é is cuspóir don scéim tacaíochta ná spreagadh agus cúnaimh a thabhairt do ghrúpaí pobail agus do ghrúpaí deonacha chun páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt a bpobal agus feabhas a chur ar na gnéithe Eacnamaíochta, Sóisialta, Oidhreacht, Cultúir agus Gaeilge de na ceantair ina bhfuil siad lonnaithe.

Cé na grúpaí ar ceart dóibh iarratas a dhéanamh?

Féadfaidh aon ghrúpa Pobail, Ealaíon, Oidhreacht, Bia, Gaeilge agus Deonacha nó grúpaí Spóirt atá ag feidhmiú i gContae na Gaillimhe (gan Cathair na Gaillimhe san áireamh) iarratas a dhéanamh. I mbliana táimid ag cur fáilte roimh thionscnaimh agus roimh thionscadail a thacaíonn le hainmniúchán 2018 na Gaillimhe, Iarthar na hÉireann mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa. Féach an nóta thíos. Tabharfar tosaíocht do Ghrúpaí ar baill den Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) iad.

Cén cineál tograí a bhreithnítear?

Scéim Tacaíochta d'Fhorbairt Eacnamaíochta Pobalbhunaithe 2017

Tairgeann an scéim seo tacaíocht airgid do ghníomhaíochtaí nuálacha eacnamaíochta, go háirithe gníomhaíochtaí a chruthaíonn deiseanna fostaíochta nó a chuireann feabhas ar fhéin-inbhuanaitheacht eacnamaíochta i gceantair áitiúla agus a thugann cabhair maidir le gníomhaíochtaí uilechuimsitheachta sóisialta. Tá cúnaimh ar fáil do Ghrúpaí Pobail, Oidhreacht agus Deonacha atá ag gabháil do chur chun cinn na forbartha eacnamaíochta áitiúla. Chuirfeadh Comhairle Chontae na Gaillimhe fáilte ar leith roimh iarratais faoi na téamaí seo a leanas:



1. Tacaíocht do Thionscadail Fiontair Pobail nó Tionscadail Forbartha Eacnamaíochta (suas le 50% ráta maoinithe)

Is iad na cineálacha tionscnamh a mhaoinítear faoin scéim seo ná;

- Gnónna beaga nó aonad fiontair nó láithreán tionsclaíochta seirbhísithe á bhforbairt ag grúpaí pobail sa chás nach bhfuil áiseanna fiontair ar fáil dá n-uireasa.
- Seirbhísí tacaíochta fiontair á soláthar ag an bpobal agus ag an earnáil dheonach a chruthaíonn fostaíocht ina gceantar áitiúil.
- Meicníochtaí tacaíochta á soláthar ag pobail a chabhraíonn le daoine dífhostaithe sna pobail fostaíocht inmharthana a fháil dóibh féin.
- Maoiniú i dtreo margaíochta, costais fhoriomlána imeachtaí nó taispeántas, forbairt feirmeoirí nó margaí pobail.

2. Tacaíocht do ghníomhaíochtaí/d'imeachtaí/d'áiseanna ag eagraíochtaí pobail (suas le 50% ráta maoinithe ar a mhéad).

Tacófar le tionscadail/imeachtaí arna mbainistiú ag grúpaí pobail a thacaíonn le fás na turasóireachta.

3. Tacaíocht d'Imeachtaí Pobail a ghineann Forbairt/Gníomhaíocht Eacnamaíochta. (suas go ráta uasta maoinithe 50%)

Maoiniú do chostais mhargaíochta nó d'fhorchostais imeachtaí nó seónna, d'fhorbairt margaí feirmeora nó pobail agus d'fhéilte atá bunaithe ar an turasóireacht.

4. Tacaíocht do ghníomhaíochtaí/imeachtaí/saoráidí Turasóireachta ag eagraíochtaí pobail (suas go dtí ráta maoinithe 50%).

Tabharfar tacaíocht do thionscadail/imeachtaí arna mbainistiú ag grúpaí pobail a thacaíonn le fás turasóireachta.

5. Tionscnaimh agus tionscadail a thacaíonn le hainmniúchán 2018 na Gaillimhe, Iarthar na hÉireann mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa (suas le 50% ráta maoinithe ar a mhéad)

Tá Gaillimh, Iarthar na hÉireann ainmnithe mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa do 2018, an chéad ainmniúchán dá leithéid atá faighte ag réigiún taobh istigh d'oileán na hÉireann. Is é is aidhm le Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa ná cur le caighdeán saoil na ndaoine i réigiúin Eorpacha, trí bhéim a chur ar chultúir ar leith bia, ag cur oideachas ar dhaoine ar mhaithe le dea-shláinte agus inmharthanacht a bhaint amach agus nuálaíocht gastranamaíochta a spreagadh. Lena chois sin, fágann an dámhachtain go bhfuil an-deis ag contae agus cathair na Gaillimhe, in Iarthar na hÉireann, cur leis an dea-theist atá uirthi mar áit ar fiú cuairt a thabhairt uirthi, trína cur lena próifíl gastranamaíochta go náisiúnta agus, go deimhin, go hidirnáisiúnta, rud atá an-tábhachtach. Aontaíodh cúig cinn de phríomhréimsí fócais do Ghailimh, Iarthar na hÉireann, agus ár leabhar iarratais/gclár, dar teideal *'From the Ground Up - Feeding our Future'*, á réiteach again. Is iad sin:

- Oideachas agus Sláinte
- Nasc a dhéanamh idir ceantair Uirbeacha agus Ceantair Thuaithe
- Éagsúlacht Chultúir
- Inmharthanacht agus Cothú an Domhain
- Ag tacú le Gnóthais Bheaga agus Gnóthais Mheánmhéide agus leis an Nuálaíocht

Chun tuilleadh eolais a fháil ar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa, téigh chuig www.galwaygastronomy.ie agus <http://europeanregionofgastronomy.org>.



Scéim Tacaíochta do Ghníomhaíochtaí, do Thaitneamhachtaí agus do Sheirbhísí 2017

Is é is aidhm don scéim seo ná tacaíocht a thabhairt i ndáil le feabhsú taitneamhachtaí agus seirbhísí pobail. I measc na dtograí a d'fhéadfadh a bheith cáilithe chun maoiniú a fháil faoin scéim seo áirítear feabhsú saoráidí pobail, cosaint nó feabhsú taitneamhachtaí nádúrtha nó taitneamhachtaí de dhéantús an duine nó feabhsú chuma na timpeallachta nádúrtha nó na timpeallachta foirgnithe. Tá cúnaimh ar fáil freisin do ghrúpaí pobail a dhéanann spéis, oideachas, eolas agus mórtas a chur chun cinn i dtaca le hoidhreacht Chontae na Gaillimhe agus i dtaca leis an nGaeilge de, agus a éascaíonn tuiscint agus taitneamh i leith na nithe sin. Chuirfeadh Comhairle Chontae na Gaillimhe fáilte ar leith roimh iarratais faoi na téamaí seo a leanas:

1. Uasghrádú Saoráidí Pobail – Oibreacha a bhaineann le Rochtain, Sábháilteacht ó Dhóiteán agus/nó Éifeachtúlacht Fuinnimh agus oibreacha den sórt sin amháin (suas go maoiniú uasta 50%)

Nuachóiriú, athfheistiú nó uasghrádú saoráidí pobail, lena n-áirítear oiriúnú saoráidí pobail i gcomhair Rochtana Uilechoitinne agus/nó feabhsuithe sábháilteachta ó dhóiteán agus/nó bearta éifeachtúlachta fuinnimh. I mbliana, mar aon le haláirim chun críocha sábháilteachta dóiteáin, beidh aláirim shlándála do shaoráidí pobail incháilithe chun iarratas a dhéanamh má bhíonn an t-iarratas i gcomhar le ceann amháin de na trí thosaíochtaí (Inrochtaineacht, Sábháilteacht ó Dhóiteán agus/nó Éifeachtúlacht Fuinnimh). Ní bheidh scéimeanna agus ceamaraí CCTV incháilithe le haghaidh maoinithe.

2. Tacaíocht do Thionscnaimh Phobail do Chomórtas na mBailte Slachtmhara agus Tionscnaimh Thaitneamhachta Pobail (suas go maoiniú uasta 50%)

Cuirfeadh tacaíochtaí beagscála maoinithe ar fáil do ghrúpaí pobail a chuireann gníomhaíochtaí Bailte Slachtmhara i bhfeidhm. Grúpaí Bailte Slachtmhara a chuireann isteach ar Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara, agus grúpaí den sórt sin amháin, a bheidh cáilithe le cur isteach ar na Deontais Bailte Slachtmhara. Go ginearálta, ní bheidh maoiniú ar fáil ach amháin d'obair forbartha agus ní do chothabháil ghinearálta ar nós gearradh féir etc. Déanfaidh an Chomhairle chuile iarratas a mheas ar a fhiúntas féin agus caithfidh grúpaí a léiriú go bhfuil na gníomhaíochtaí atá beartaithe acu i gcomhréir le tuairisc na mBailte Slachtmhara nó gur cuid de chlár pleanáilte iad.

Cuirfeadh tacaíochtaí beagscála maoinithe ar fáil do ghrúpaí pobail nach Coistí Bailte Slachtmhara iad chun forbairt a dhéanamh ar thaitneamhachtaí ina gceantar. D'fhéadfadh forbairt gairdíní/taitneamhachtaí pobail, bealaí siúlóide, rianta, clár eolais, tírdhreachaithe, plandaithe etc. a bheith san áireamh sna tionscadail sa réimse seo. Ní thabharfar maoiniú ach amháin do thionscadail taitneamhachta pobail a bhaineann le hobair forbartha, agus ní le hobair chothabhála.

3. Gníomhaíochtaí, Seirbhísí nó Trealamh Uilechuimsitheachta Sóisialta (suas go maoiniú uasta 75%)

Cuireann an maoiniú seo tacaíocht ar fáil do ghrúpaí pobail & deonacha tabhairt faoi gníomhaíochtaí nó seirbhísí a chabhraíonn le grúpaí eisithe nó faoi mhíbhuntáiste. Áirítear ar na grúpaí eisithe sin Daoine Óga, Daoine Scothaosta, an Lucht Siúil, Daoine Dífhostaithe, Tuismitheoirí Aonair, Daoine faoi Mhíchumas, an pobal Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach, Mionlaigh Eitneacha srl. Luaigh mar a bhainfidh na daoine nó na grúpaí tairbhe as do thogra. Breithneofar trealamh a cheannach má léirítear go mbeadh sé chun tairbhe ceann amháin nó níos mó de na grúpaí sin atá faoi mhíbhuntáiste. Is féidir maoiniú le haghaidh imeacht Fhéile Bealtaine a thionóil a chur san áireamh chomh maith. Ní mheasfar maoiniú le haghaidh sólaistí in iarratas ar bith. Ní mheasfar turais shóisialta mar thurais lae nó lóna.



4. Tionscnaimh, tionscadail nó cláir chun rannpháirtíocht i Spórt nó i nGníomhaíochtaí Fisiúla a mhéadú (suas go maoiniú uasta 60%)

Bainfidh an maoiniú seo leis na nithe seo a leanas:

1. Tionscnaimh, tionscadail nó cláir arb é is aidhm shoiléir dóibh ná méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíochtaí fisiúla i measc na ndaoine i do cheantar nach daoine gníomhacha iad.
2. Beidh béim ar leith ar Mhná & Mná Óga, Daoine Scothaosta, Daoine faoi Mhíchumas, daoine Dífhostaithe, Mionlaigh Eitneacha & daoine ó cheantair faoi mhíbhuntáiste.

Samplaí:

- (a) Campaí samhraidh do leanaí
 - (b) Cláir gníomhaíochtaí/aclaíochta thar thréimhse shonraithe (6, 8 seachtaine nó níos mó) in **aon** spórt nó gníomhaíocht fhisiciúil.
 - (c) Gníomhaíochtaí a eagraítear idir scoileanna áitiúla agus clubanna/eagraíochtaí áitiúla.
 - (d) Oiliúint Oibríthe Deonacha **gan** cúrsaí Cosanta Leanaí, cúrsaí Garchabhrach a áireamh.
3. Trealamh a cheannach, ach sin sa chás amháin go mbaineann an trealamh sin le spórt áirithe nó le tionscadal/clár áirithe gníomhaíochta fhisiciúla agus go bhfuil gá leis le haghaidh an spóirt nó na gníomhaíochta sin.

Iarratais nach mbeidh cáilithe:

Ní thabharfar maoiniú do na nithe seo a leanas faoin scéim maoinithe seo:

- (a) Tionscadail chaipitiúla – foirgnimh, saoráidí nó athfheistiú ina leith.
- (b) Costais reachtúla ó lá go lá nó costais bhliantúla oibríochta – árachas, táillí cleamhnachta, fruilíú ionaid etc. nó éadaí spóirt.
- (c) Táillí iontrála i ndáil le comórtais.
- (d) Turais thar lear d'fhoirne/do dhaoine aonair (i ndáil le comórtas nó ar chúiseanna eile).

5. Tacaíocht do Ghníomhaíochtaí Ealaíne agus Cultúir de chuid Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha

Trí úsáid a bhaint as an Scéim Tacaíochta do Ghníomhaíochtaí Ealaíne, tabharfar tacaíocht d'imeachtaí nó do gníomhaíochtaí de chuid eagraíochtaí pobail agus deonacha a spreagadh suim an phobail sna healaíona, a chuirfeadh eolas, tuiscint agus cleachtadh na n-ealaíon chun cinn nó a chabhródh le feabhsú chaighdeán na n-ealaíon i gContae na Gaillimhe.

6. Tacaíocht do Ghníomhaíochtaí Ealaíne agus Cultúir de chuid Eagraíochtaí Gairmiúla Ealaíne

Trí úsáid a bhaint as an Scéim Tacaíochta do Ghníomhaíochtaí Ealaíne, tabharfar tacaíocht d'imeachtaí nó do gníomhaíochtaí de chuid eagraíochtaí gairmiúla ealaíne a spreagadh suim an phobail sna healaíona, a chuirfeadh eolas, tuiscint agus cleachtadh na n-ealaíon chun cinn nó a chabhródh le feabhsú chaighdeán na n-ealaíon i gContae na Gaillimhe.

7. Tacaíocht do Ghníomhaíochtaí Oidhreachta de chuid Scoileanna agus de chuid Eagraíochtaí Oidhreachta, Oidhreachta Cultúir agus Pobail

Déanfar breithniú ar thionscadail i gcomhair maoinithe má léiríonn siad dea-chleachtas oidhreachta, gur féidir iad a mhacasamhlú áit ar bith eile sa chontae, go dtugann siad deis shuntasach rannpháirtíochta don phobal agus go léiríonn siad nuálaíocht.



8. Tacaíocht do thionscnaimh/ghníomhaíochtaí de chuid Scoileanna agus Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn nó a mhéadú

Déanfar breithniú ar thionscadail nuálaíochta i gcomhair maoinithe má tá baint shonrach acu le cur chun cinn na Gaeilge nó le méadú úsáid na Gaeilge. Ar an drochuair, ní féidir gníomhaíochtaí de chuid Sheachtain na Gaeilge a bhreithniú de bharr na spriocanna ama a bhaineann le ceadú. Meabhraítear d'iarratasóirí go bhfuil an maoiniú atá ar fáil sa réimse seo teoranta agus, dá bhrí sin, tabharfar tosaíocht do thograí a bhfuil méadú ar úsáid na Gaeilge i bpobal mar sprioc acu.

Céard é méid an mhaoinithe?

Is féidir tacaíocht mhaoinithe suas go ráta uasta maoinithe 50% a dheonú. I gcás inar féidir a léiriú go bhfuil céatadán níos airde ag teastáil le tionscadail a chur i gcrích, agus go measann an tAonad FPFE go bhfuil maoiniú ag céatadán níos airde riachtanach i gcás tionscadail áirithe, féadfaidh an Chomhairle, dá rogha féin, leibhéal maoinithe níos airde a chur ar fáil e.g. suas le 75% de mhaoiniú. Ní mór do ghrúpaí a léiriú go bhfuil fórchúis acu chun maoiniú a iarraidh ag ráta níos airde ná an 50%. Dá bhrí sin, mar shampla, má mheastar go gcosnóidh an tionscadal €2,000, is é a bheidh sa mhéid uasta maoinithe a thabharfar de ghnáth ná €1,000 mura rud é go dtugtar fórchúis i dtaobh cén fáth gur cheart an ráta maoinithe níos airde bheith ann. Nuair atá iarratas á dhéanamh ar mhaoiniú faoi na Scéimeanna Tacaíochta Pobail, ní mór duit a bheith in ann a léiriú cén chaoi a maoiníofar na costais eile den togra agus mionsonraí a chur ar fáil maidir le foinsí eile maoinithe. I gcás chatagóir na hOidhreachta, tá leithroinntí bunaithe ar ranníocaíocht i leith an iarratais seachas ar ráta céatadánach.

Conas a dhéanfar measúnú ar m'iarratas?

Déanfar measúnú ar d'iarratas ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais, agus ar an mbonn sin amháin. Ina theannta sin, moltar duit doiciméid a chur in éineacht le d'iarratas mar thacaíocht le haon fhaisnéis a chuirtear ar fáil. Déanfaidh grúpa oibre laistigh den aonad measúnú ar d'iarratas agus é a ghrádú de réir na gcritéar measúnaithe seo a leanas:

- Más iomchuí, an gcruthaíonn/gcothaíonn mo thionscadal fostaíocht i mo cheantar?
- Conas a rannchuidíonn an tionscadal le huilechuimsitheacht shóisialta níos fearr i do cheantar?
- An rannchuidíonn an tionscadal seo le réimse na nEalaíon, na hOidhreachta nó an Chultúir sa cheantar agus an gcloíonn sé leis an dea-chleachtas?
- An méadaíonn an tionscadal seo an raon seirbhísí pobail atá ann i do cheantar?
- Conas a chloíonn an tionscadail leis na prionsabail a ghabhann le dea-chleachtas oidhreachta?
- Céard é caighdeán foriomlán d'iarratais?
- Ar thug tú fianaise maidir le maoiniú meaitseála a bheith ag do ghrúpa nó fianaise maidir le cumas do ghrúpa maoiniú meaitseála a chur ar fáil?
- Ar léirigh tú go bhfuil an cumas ag do ghrúpa an tionscadal atá á mholadh a chur i gcrích?
- Ar chuir tú doiciméid tacaíochta ar fáil, más iomchuí (pleananna pobail, fianaise i leith árachais, toilithe a bhfuil gá leo faoi reachtaíocht oidhreachta ar nós toilithe ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra nó ó Ard-Mhúsaem na hÉireann, meastacháin leis na costais a chuir tú san áireamh i d'iarratas a mhíniú)?
- Cé na grúpaí i do cheantar a bhainfidh tairbhe as an tionscadal seo? (i.e. daoine óga, leanaí, daoine scothaosta etc. agus an fáth go measann do ghrúpa pobail gur ceart tús áite a thabhairt do na grúpaí sin?)
- An chaoi a gcuideoidh do thogra le cuspóirí foriomlána na scéime maoinithe a bhaint amach.



Conas a bheidh a fhios agam má éiríonn le mo ghrúpa?

Scríobhfaidh an tAonad Forbartha Pobail, Fiontraíochta agus Eacnamaíochta de chuid Chomhairle Contae na Gaillimhe chuig do grúpa go foirmiúil á chur in iúl cé acu ar éirigh leis an iarratas nó nár éirigh, agus léireoidh siad an leibhéal tacaíochta a bheidh le fáil uathu, i dteannta na gcoinníollacha a bheidh i gceist. Ní mór glacadh leis an maoiniú go foirmiúil i scríbhinn ansin taobh istigh de 10 lá ón dáta a gheobhaidh tú an litir faofa.

Má éiríonn le mo ghrúpa, conas a tharraingeoidh mé an deontas anuas?

1. Caithfidh tú tabhairt faoin tionscadal nó faoin togra ar dtús.
2. Ina dhiaidh sin, caithfidh tú d'éileamh a chur chugainn laistigh de 12 sheachtain ó dháta na litreach tairisceana (áireofar an spriocdháta sin sa litir má éiríonn le d'iarratas). Ní mór an méid seo a leanas a bheith san áireamh san éileamh:
 - Admhálacha faoi choinne na gcostas uile
 - Fianaise ar árachas dliteanais phoiblí agus Comhairle Chontae na Gaillimhe ainmnithe mar pháirtí slánaithe
 - Doiciméid eile a iarrfar nuair a bheidh ceadú á dhéanamh.
3. Déanfar maoiniú nach n-éileofar faoin spriocdháta comhaontaithe **a chur ar ceal.**

Cad eile atá le cur in éineacht leis an iarratas?

Breathnaigh ar an seicliosta ítimí nach mór duit a chur ar fáil in éineacht le d'iarratas. Ní dhéanfar breithniú ar d'iarratas ar mhaoiniú más rud é nach gcomhlánaíonn tú d'iarratas go hiomlán nó mura gcuireann tú na doiciméid riachtanacha go léir ar fáil.

Cá seolfaidh mé an t-iarratas nuair a bheidh sé comhlánaithe?

Cuir foirmeacha iarratais comhlánaithe chuig an seoladh seo a leanas, le do thoil:
Scéimeanna Tacaíochta Pobail, An tAonad Forbartha Pobail, Fiontraíochta agus Eacnamaíochta, Comhairle Contae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Is féidir leat leagan scanta den iarratas a chur isteach le ríomhphost (comhad nach mó ná 3MB agus PDF amháin) ach ní mór é a bheith sínithe ag oifigeach cuí de chuid do Ghrúpa. Seo a leanas an seoladh ríomhphoist:
communitysupportscheme@galwaycoco.ie

Nóta:

1. Molaimid do ghrúpaí cóipeanna de na doiciméid go léir a chuirtear isteach a choimeád de bharr nach féidir linn a bheith freagrach as aon doiciméid a chaillfear agus an t-ábhar á sheoladh chugainn.
2. Mholfaimis duit d'iarratas a sheoladh isteach chugainn roimh an dáta deiridh.
3. Is féidir eolas a fháil ar ainmniúchán na Gaillimhe, Iarthar na hÉireann, mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa do 2018, ar www.galwaygastronomy.ie.

Chun tuilleadh faisnéise nó cúnaimh a fháil maidir le comhlánú na foirme iarratais, déan teagmháil leis an Aonad Forbartha Pobail, Fiontraíochta & Eacnamaíochta ar an Uimhir Ghutháin: (091) 509521 nó Ríomhphost:
communitysupportscheme@galwaycoco.ie Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil freisin ó
<http://www.galway.ie/en/Services/CommunityEnterpriseEconomicDevelopment/FinancialSupports/>.

4.00 pm, Déardaoin, an 23 Feabhra 2017 an dáta deireanach a nglacfar le Foirmeacha Iarratais Comhlánaithe



Seicliosta don Iarratas

1.	An Fhoirm Iarratais comhlánaithe go hiomlán agus sínithe.	
2.	Fianaise ar Árachas Dlíteanais Phoiblí agus Comhairle Chontae na Gaillimhe slánaithe	
3.	Cóip de léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis a léiríonn láthair an togra i gcás go mbíonn oibreacha suímh i gceist leis an togra (más ábhartha)	
4.	Aon toilithe a cheanglaítear faoi reachtaíocht oidhreachta ar nós toilithe ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra nó ó Ard-Mhúsaem na hÉireann	
5.	Fianaise ar Úinéireacht Talún/ar Chead chun talamh a úsáid (más ábhartha)	
6.	Cóip de na meastacháin chúil ar na costais uile a shonraítear i gcuid 3 den iarratas	
7.	Mionsonraí faoi aon chead pleanála atá á lorg agus/nó atá aontaithe/faoi cruthúnas ar dhíolúine (más ábhartha)	
8.	Fianaise ar chumas an ghrúpa an tionscadal a thabhairt chun críche in am	
9.	Aon fhaisnéis ábhartha eile faoi ghníomhaíochtaí do Ghrúpa a thacóidh le d'iarratas (tuarascáil bhliantúil, bileoga)	
10.	Fianaise ar mhaoiniú meaitseála a theastaíonn le haghaidh an togra, mar shampla, ráiteas reatha bainc	
11.	Uimhir thagartha cánach nó uimhir charthanachta (CHY)	
12.	Beartas Cosanta Leanaí má tá imeacht nó clár á eagrú agat a bhfuil leanaí páirteach ann. (Is féidir comhairle a fháil ón Aonad CEED más gá)	

Coinníollacha a Bhaineann le Scéimeanna Tacaíochta Pobail 2017

1. Chun go mbeidh tograí cáilithe faoin scéim, ní mór na saoráidí/seirbhísí atá le soláthar a bheith ar fáil le haghaidh úsáid agus thaitneamhacht an phobail i gcoitinne gach tráth réasúnach, cibé acu saor in aisce nó faoi réir táillí measartha a chlúdóidh aon chostais bhainistíochta agus chothabhála. Ní mór don Ghrúpa socruithe sásúla a dhéanamh ar mhaithe le bainistiú agus cothabháil na saoráide amach anseo.
2. Ní mór go gcomhlíonfaidh na hoibreacha go léir rialacháin Phoiblí i.e. an Dlí Pleanála, Riachtanais Sábháilteachta ó Dhóiteáin, Riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta agus Inrochtaineacht do Chách. Ní mór fianaise i scríbhinn a sholáthar ina leith sin mura rud é go bhfuil díolúine faighte.
3. Beidh toiliú i scríbhinn ó úinéirí talún/maoine ag teastáil i gcomhair aon oibreacha a dtabharfar fúthu.
4. Daingniú maidir le haon toilithe a cheanglaítear a bheith ann faoi reachtaíocht oidhreachta ar nós toilithe ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra nó ó Ard-Mhúsaem na hÉireann.
5. Ní mór léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis ina dtaispeántar suíomh an láithreáin a chur in éineacht le tograí a bhaineann le tírdhreachú/oibreacha ar spás poiblí/oibreacha ar an timpeallacht nádúrtha nó ar an timpeallacht shaorga.



6. Ní mór go mbeadh fianaise ag gach tionscadal go bhfuil árachas dliteanais phoiblí leordhóthanach agus cuimsitheach acu. Ní ghlacann Comhairle Chontae na Gaillimhe le freagracht ar bith ná le dliteanas ar bith maidir le timpiste, díobháil, nó damáiste do mhaoin nó do dhuine is cuma cén tslí ina n-éiríonn freagracht nó dliteanas den sórt sin i ndáil le haon eachtra, teagmhas nó éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann. Is ceart Árachas Dliteanais Phoiblí nach lú a luach ná €12.7 milliún a bheith ag grúpaí a eagraíonn imeachtaí amuigh faoin aer. **Beidh ar ghrúpaí ar a mbronnfar tacaíocht airgid sainlánaíocht a chur ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar a bpolasaí árachais i ndáil lena dtionscadal.** Más cuí, déanfar na sócmhainní go léir a bhfaightear cúnaimh deontais ina leith a choimeád faoi árachas gach tráth, is é sin, árachas i gcoinne caillteanais nó damáiste de bharr dóiteáin, stoirme nó tuile.
7. De bharr na srianta ar leibhéal na n-acmhainní atá ar fáil faoi na scéimeanna seo, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag cur teorann ar an líon deontas airgid ar féidir le haon ghrúpa amháin iad a fháil. Dá bhrí sin, ní bhreithneofar ach iarratas **amháin** ó gach grúpa ar leith.
8. I gcás oibreacha caipitiúla, beidh ar ghrúpaí deimhniú um thabhairt chun críche agus daingniú ar luach ar airgead a fháil ó dhuine cuícháilithe (innealtóir nó ailtire) agus iad a sholáthar. Beidh ar an ngrúpa na costais a ghabhann leis sin, más ann dóibh, a íoc iad féin.
9. Gach bliain, faigheann an Chomhairle níos mó iarratas ná mar is féidir linn a mhaoiniú. Dá bharr seo, caithfidimid iarratais a chur in ord tosaíochta de réir ár gcuspóirí. Ar na cuspóirí seo, tá ionchuimsiú sóisialta, forbairt pobail, cruthú post, tionscadail a bhaineann le hainmniúchán 2018 na Gaillimhe in Iarthar na hÉireann mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa; Bia, Cultúr, caighdeán cháilíochta agus sláinte agus sábháilteacht na timpeallachta tógtha a chur chun cinn.
10. Éilítear ar gach iarratasóir a n-uimhir thagartha cánach a chur ar fáil. I gcás Grúpa a bhfuil stádas eagraíochta carthanachta faighte acu ó na Coimisinéirí Ioncain, éilítear an uimhir “CHY” a eisíodh don chomhlacht sin. Seo a leanas na mionsonraí teagmhála maidir le huimhir chánach a fháil: 091-547700 nó www.galwayroscommon@revenue.ie
11. Ní mór do Chomhairle Contae na Gaillimhe bheith sásta faoi shocruithe maidir le cothabháil tionscadal a mhaoinímid amach anseo. Beifear ag súil go bhfuil úinéireacht nó rialú éifeachtach ag Iarratasóirí ar an talamh agus/nó ar na foirgnimh atá i gceist agus go bhfuil bunreacht acu chun leanúnachas freagrachta sin a chinntiú amach anseo. I gcásanna áirithe, féadfaidh an Chomhairle, mar choinníoll a ghabhann le cúnaimh deontais, a éileamh ar an Iarratasóir cúnant nó comhaontú a dhéanamh chun cothabháil agus bainistiú na taitneamhachta a chinntiú amach anseo ar mhaithe leis an gcuspóir ar ina leith a maoiníodh an tionscadal.
12. Ní mór aitheantas a thabhairt do Chomhairle Chontae na Gaillimhe as ucht na tacaíochta seo in ábhar poiblíochta ar bith a tháirgtear i ndáil leis an Tionscadal. Áireofar anseo Lógó Chomhairle Chontae na Gaillimhe a bheith ann in aon ábhar clóbhualte/fógraíochta a bhaineann leis an tionscadal.
13. Beidh ar ghrúpaí a chuireann tionscadail i bhfeidhm a bhaineann le daoine faoi bhun 18 mbliana d’aois cód cleachtas um shábháilteacht leanaí a bheith i bhfeidhm acu (Is féidir comhairle a fháil ón Aonad CEED más gá).